



BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Naoú Dlísheomra)

2 Feabhra 2023*

(Tarchur chun réamhrialú – Cosaint tomhaltóirí – Treoir 93/13/CEE – Téarmaí éagóracha i gconarthaí tomhaltóra – Airteagal 5 – Oibleagáid téarmaí conarthacha a dhréachtú go soiléir agus go sothuigthe – Treoir 2005/29/CE – Cleachtais tráchtála éagóracha idir gnólachtaí agus tomhaltóirí – Airteagal 3 – Raon feidhme – Airteagal 7 – Easnamh míthreorach – Airteagal 13 – Pionóis – Conarthaí árachais saoil “aonadnasctha” ceangailte le ciste infheistíochta – Faisnéis maidir le nádúr agus struchtúr táirge árachais, agus na rioscaí a bhaineann leis an táirge sin – Conarthaí caighdeánacha míthreoracha – Eintiteas freagrach – Iarmhairtí dlíthiúla)

Cás C-208/21,

Iarraidh ar réamhrialú de bhun Airteagal 267 CFAE, ón Sąd Rejonowy dla Warszawy-Woli w Warszawie (Cúirt Dúiche Warszawy-Woli, ag suí in Vársá, an Pholainn), trí bhreith an 1 Meitheamh 2020, a fuarthas ag an gCúirt an 23 Márta 2021, sna himeachtaí idir

K. D.

agus

Towarzystwo Ubezpieczeń Ż S.A.,

Tugann AN CHÚIRT (an Naoú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: L. S. Rossi (Rapóirtéir), Uachtarán Dlísheomra, J.-C. Bonichot agus S. Rodin, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: N. Emiliou,

Cláraitheoir: A. Calot Escobar,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha a cuireadh isteach thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

- Towarzystwo Ubezpieczeń Ż S.A., ag A. Ciechowicz-Jaworska agus B. Ślęzyński, radcy prawni,
- Rialtas na Polainne, ag B. Majczyna, i gcáil Gníomhaire,

* Teanga an cháis: an Pholainnis.

- Rialtas na Seice ag S. Šindelková, M. Smolek agus J. Vlácil, i gcáil Gníomhairí,
- Rialtas na hIodáile, ag G. Palmieri, i gcáil Gníomhaire, le cúnaimh ó G. Santini, avvocato dello stato,
- an Coimisiún Eorpach, ag S. L. Kaléda agus N. Ruiz García, i gcáil Gníomhairí,

tar éis cinneadh a dhéanamh, tar éis di an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, breithiúnas a thabhairt ar an gcás gan Tuairim,

an breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

- 1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú le léiriú Airteagal 5 de Threoir 93/13/CEE ón gComhairle an 5 Aibreán 1993 maidir le téarmaí éagóracha i gconarthaí tomhaltóra (IO 1993 L 95, lch. 29) agus Airteagal 2(d) agus Airteagal 3(1) agus (2) de Threoir 2005/29/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2005 maidir le cleachtais tráchtála éagóracha idir gnólachtaí agus tomhaltóirí sa mhargadh inmheánach agus lena leasaítear Treoir 84/450/CEE ón gComhairle, Treoir 97/7/CE, Treoir 98/27/CE agus Treoir 2002/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (“an Treoir maidir le cleachtais tráchtála éagóracha”) (IO 2005 L 149, lch. 22).
- 2 Rinneadh an iarraidh in imeachtaí idir K. D. agus Towarzystwo Ubezpieczeń Ż S.A. (“TUŻ”), maidir le haisíocaíocht préimheanna árachais a íocadh de bhun conradh grúpa árachais saoil aonadnasctha atá ceangailte le ciste infheistíochta (“an conradh grúpa aonadnasctha”), a ndeachaigh K. D. isteach ann.

An dlí lena mbaineann

Dlí an Aontais Eorpaigh

Treoir 93/13

- 3 Foráiltear le hAirteagal 5 de Threoir 93/13:

“Maidir le conarthaí ina ndréchtaítear i scríbhinn gach téarma nó téarmaí áirithe a thairgtear don tomhaltóir, ní mór na téarmaí sin a dhréachtú ar bhealach soiléir agus sothuigte i gcónaí.[...]”

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Treoir 2002/83/CE

- 4 Foráladh in Airteagal 36 de Threoir 2002/83/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Samhain 2002 maidir le hárachas díreach saoil (IO 2002 L 345, lch. 1), arna haisghairm agus arna hionadú, ón 1 Eanáir 2016 ar aghaidh, le Treoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón

gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le gabháil le gnó Árachais agus Athárachais agus an gnó sin a shaothrú (Sócmhainneacht II) (IO 2009 L 335, lch. 1), arna leasú le Treoir 2013/58/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 (IO 2013 L 341, lch. 1), i mír 1:

“Sula gcuirfear conarthaí árachais i gcrích, ní mór an fhaisnéis a liostaítear i bpointe A d’Iarscríbhinn III a chur in iúl don sealbhóir polasaí.”

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Treoir 2005/29

5 Leagtar amach in aithrisí 7 agus 9 de Threoir 2005/29:

“(7) Baineann an Treoir seo le cleachtais tráchtála a bhfuil baint dhíreach acu le tionchar a imirt ar chinntí idirbhirt tomhaltóirí i leith táirgí. [...]

[...]

(9) Tá feidhm ag an Treoir seo gan dochar do chaingne aonair arna dtabhairt acu siúd a ndearnadh díobháil dóibh de dheasca cleachtas tráchtála éagórach. Ina theannta sin, tá sí gan dochar do rialacha an Chomhphobail agus na mBallstát maidir le dlí na gconarthaí [...]. Mar gheall ar an gcastacht agus na rioscaí tromchúiseacha a bhaineann go dlúth le seirbhísí airgeadais agus leis an réadmhaoin, tá gá le ceanglais shonracha maidir leo, lena n-áirítear dualgais dhearfacha ar thrádálaithe. Ar an gcúis sin, i réimse na seirbhísí airgeadais agus na réadmhaoine, tá feidhm ag an Treoir seo gan dochar do cheart na mBallstát beart a ghlacadh a théann níos faide ná forálacha na Treorach seo, chun leasanna eacnamaíocha tomhaltóirí a chosaint.[...]”

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

6 De réir Airteagal 2 den Treoir sin:

“Chun críocha na Treorach seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

[...]

(b) ciallaíonn ‘trádálaí’ aon duine nádúrtha nó dlítheanach atá, i gcleachtais tráchtála a chumhdaítear leis an Treoir seo, ag gníomhú chun críocha a bhaineann lena thrádáil, lena ghnó, lena cheird nó lena ghairm agus aon duine atá ag gníomhú in ainm nó thar ceann trádálaí;

(c) ciallaíonn ‘táirge’ aon earra nó seirbhís lena n-áirítear réadmhaoin, cearta agus oibleagáidí;

(d) ciallaíonn ‘cleachtais tráchtála’ idir gnólachtaí agus tomhaltóirí’ (dá ngairfear ‘cleachtais tráchtála’ freisin anseo feasta) aon bheart, neamhghníomh, iompraíocht nó léiriú, cumarsáid tráchtála lena n-áirítear fógraíocht agus margáíocht, a dhéanfaidh trádálaí, ag a bhfuil ceangal díreach le cur chun cinn, díol nó soláthar táirge do thomhaltóirí;

[...]”

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

7 Foráiltear don mhéid seo a leanas in Airteagal 3(1) agus (2) den Treoir sin:

“1. Beidh feidhm ag an Treoir seo maidir le cleachtais tráchtála éagóracha idir gnólachtaí agus tomhaltóirí, mar a shainmhínítear in Airteagal 5, roimh, le linn agus tar éis idirbheart tráchtála maidir le táirge.

2. Ina theannta sin, ní dochar an Treoir seo do dhlí náisiúnta na gconarthaí, ná, go háirithe, do na rialacha maidir le bailíocht, foirmiú nó éifeacht conartha.”

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

8 Foráiltear le hAirteagal 5 den Treoir sin don mhéid seo a leanas:

“1. Cuirfear toirmeasc ar chleachtais tráchtála éagóracha.

[...]

4. Go háirithe, beidh cleachtais tráchtála éagórach sna cásanna seo a leanas:

(a) tá siad míthreorach de réir bhrí Airteagail 6 agus 7,
nó

(b) tá siad ionsaitheach de réir bhrí Airteagail 8 agus 9.

[...]”

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

9 De réir Airteagal 7 de Threoir 2005/29:

“1. Measfar go bhfuil cleachtas tráchtála míthreorach más rud é, ina chomhthéacs fíorasach agus aird á tabhairt ar na gnéithe agus na cúinsí uile a ghabhann leis agus ar theorainneacha an mhodha cumarsáide, go bhfuil faisnéis ábhartha a theastaíonn ón meántomhaltóir chun cinneadh idirbhirt eolach a dhéanamh in easnamh agus, ar an dóigh sin, go bhfágann sé, nó gur dócha go bhfágadh sé, go ndéanfadh an meántomhaltóir cinneadh idirbhirt nach ndéanfadh sé murach sin.

2. Ina theannta sin, measfar gur easnamh míthreorach é nuair a dhéanann trádálaí, agus na gnéithe ar a bhfuil tuairisc i mír 1 á gcur san áireamh, an fhaisnéis ábhartha sin dá dtagraítear sa mhír sin a cheilt nó a sholáthar ar bhealach doiléir, dothuigthe, débhríoch, míthráthúil nó nuair nach dtugann sé le fios rún tráchtála an chleachtais tráchtála murar léir cheana é ón gcomhthéacs, agus más rud é, i gceachtar de na cásanna sin, go bhfágann sé, nó gur dócha go bhfágadh sé, go ndéanfadh an meántomhaltóir cinneadh idirbhirt nach ndéanfadh sé murach sin.

[...]

5. Measfar gurb ábhartha an fhaisnéis dá bhforáiltear le dlí an Chomhphobail maidir le cumarsáid tráchtála, lena n-áirítear fógraíocht nó margaíocht, a bhfuil liosta neamh-uileghabhálach díobh le fáil in Iarscríbhinn II.”

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

10 Foráiltear don mhéid seo a leanas sa chéad fhomhír d’Airteagal 11(1) den Treoir sin:

“Déanfaidh na Ballstáit a áirithiú gurb ann do mhodhanna leordhóthanacha éifeachtacha chun cleachtas tráchtála éagóracha a chomhrac chun comhlíonadh fhorálacha na Treorach seo a fhorfheidhmiú ar mhaithe le tomhaltóirí.”

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

11 De réir Airteagal 13 den Treoir sin:

“Déanfaidh na Ballstáit na rialacha a bhaineann leis na pionóis is infheidhme maidir le sárúithe ar fhorálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun na Treorach seo a leagan síos agus glacfaidh siad gach beart is gá lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Ní mór do na pionóis dá bhforáiltear a bheith éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.”

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

12 De réir Iarscríbhinn II leis an Treoir chéanna, i measc na faisnéise a mheastar a bheith ábhartha, de réir bhrí Airteagal 7 den Treoir sin, tá an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 36(1) de Threoir 2002/83.

13 Leasaíodh Treoir 2005/29 le Treoir (AE) 2019/2161 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 (IO 2019 L 328, lch. 7). Leis an Treoir dheireanach sin, a ndeachaigh an dáta trasuímh in éag an 28 Samhain 2021, i gcomhréir le hAirteagal 7(1), cuireadh isteach Airteagal 11a i dTreoir 2005/29, mar a leanas:

“1. Beidh rochtain ag tomhaltóirí a ndearna cleachtas tráchtála éagóracha díobháil dóibh ar leigheasanna comhréireacha agus éifeachtacha, lena n-áirítear cúiteamh i leith damáiste a bhain don tomhaltóir agus, i gcás inarb ábhartha, laghdú ar an bpraghas nó foirceannadh an chonartha. Féadfaidh na Ballstáit na coinníollacha maidir le cur i bhfeidhm agus éifeachtaí na leigheasanna a chinneadh. Féadfaidh na Ballstáit, i gcás inarb iomchuí, tromchúis agus nádúr an chleachtas tráchtála éagóraigh, an damáiste a bhain don tomhaltóir agus imthosca ábhartha eile a chur san áireamh.

2. Ní dochar na leigheasanna sin do chur i bhfeidhm leigheasanna eile atá ar fáil do thomhaltóirí faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta.”

Dlí na Polainne

14 Trasuíodh Treoir 2005/29 i ndlí na Polainne leis an ustawa o przeciwdziałaniu nieuczciwym praktykom rynkowym (an Dlí maidir le cleachtas tráchtála éagóracha a chomhrac) an 23 Lúnasa 2007 (Dz. U. Uimh. 171, mír 1206). Foráiltear le hAirteagal 12(1) den Dlí sin, sa leagan a bhfuil feidhm aige maidir leis na fíorais sa díospóid sna príomhimeachtaí.

“I gcás cleachtas tráchtála éagórach, féadfaidh an tomhaltóir ar cuireadh a leas i mbaol nó ar sáraíodh a leas a iarraidh:

[...]

(4) go gcúiteofar an damáiste a rinneadh ar bhonn prionsabail ghinearálta, go háirithe trí fhoirceannadh an chonartha a iarraidh, agus go mbeidh oibleagáid fhrithpháirteach ann go n-aisíocfar na suimeanna agus go n-aisíocfaidh an trádálaí na costais a bhain leis an táirge a cheannach;[...]An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna le haghaidh réamhrialú

- 15 Trí dhearbhu a tháinig i bhfeidhm ón 10 Eanáir 2012, chuaigh K. D. isteach, mar árchai, ar feadh 15 bliana, i gconradh grúpa aonadnasctha a tugadh i gcrích idir TUŽ, gnóthas árachais, agus Y, banc a ghníomhaigh mar shealbhóir polasaí árachais.
- 16 Ba é an cuspóir a bhí leis an gconradh sin préimheanna árachais a d’íoc na hárachaithe go míosúil a bhailiú agus a infheistiú, trí chiste infheistíochta a raibh an caipiteal comhdhéanta ar bhonn na bpréimheanna sin. Tar éis iad a thiontú in aonaid an chiste infheistíochta, rinneadh an méid a d’fhreagair leis na préimheanna sin a infheistiú i mbannaí a d’eisigh gnóthas infheistíochta (“sócmhainní ionannais an chonartha grúpa aonadnasctha”), a ríomhadh a luach ar bhonn innéacs.
- 17 Mar mhalairt air sin, gheall TUŽ suimeanna a íoc i gcás ina bhfaigheadh an t-árchai bás, nó i gcás inar mhair sé i ndiaidh dheireadh na tréimhse árachais. Níor chóir go mbeadh méid na suimeanna sin níos ísle ná luach ainmniúil na bpréimheanna a d’íoc an t-árchai, móide aon athrú deimhneach ar luach na n-aonad sa chiste infheistíochta. I gcás inar foirceannadh an conradh árachais roimh dheireadh a thréimhse bhailíochta, gheall TUŽ méid arb ionann é agus luach reatha na n-aonad den chonradh sin sa chiste infheistíochta, lúide táille leachtaithe, a aisíoc leis an árchai.
- 18 Rialaíodh an conradh grúpa aonadnasctha leis na coinníollacha ginearálta árachais, le tabla táillí agus uasphréimheanna agus rialacha an chiste infheistíochta, arb iad na téarmaí conarthacha caighdeánacha arna ndrúchtú ag TUŽ. Níor sonraíodh sna doiciméid sin na rialacha maidir le préimheanna míosúla a thiontú in aonaid an chiste infheistíochta agus na haonaid sin a luacháil, glanluach an chiste ina iomláine a luacháil agus na bannaí inar infheistíodh airgead an chiste a luacháil, ná an modh ríofa le haghaidh luach an innéacs a raibh íocaíocht na mbannaí sin bunaithe air. Luadh i rialacha an chiste infheistíochta, áfach, go raibh an infheistíocht faoi réir riosca mainneachtana eisitheoir na mbannaí sin agus riosca go gcaillfí cuid de na préimheanna a íocadh, i gcás luathfhoirceannadh an chonartha sin.
- 19 Ba é banc Y a rinne an conradh grúpa “aonadnasctha” a mhargadh do thomhaltóirí, agus a bhainistigh an mhargaíocht sin, agus fuair Y coimisiún ó TUŽ as an méid sin. Cé nach raibh sé bainteach leis an táirge árachais a cheapadh, ós é TUŽ a cheap an táirge sin ina iomláine, chuir Y oiliúint ar na fostaithe dá chuid a bhí freagrach as an táirge sin a thairgeadh agus d’ullmhaigh sé ábhar oiliúna chuige sin, a d’fhortheas TUŽ.

- 20 Sa chás seo, ba é fostaí de chuid Y a rinne K. D. a thabhairt isteach sa chonradh grúpa aonadnasctha, agus dar le K. D., chuir an fostaí sin an táirge árachais atá faoi thrácht i láthair dó mar tháirge infheistíochta lena dtairgtear caipiteal ráthaithe ag deireadh thréimhse bhailíochta an chonartha sin. Bhí an tairiscint conartha bunaithe ar na coinníollacha ginearálta árachais agus ar rialacha an chiste infheistíochta a dhréachtaigh TUŻ, ar thug an fostaí de chuid Y do K. D., iad.
- 21 Nuair a thuig sí go raibh luach na n-aonad sa chiste infheistíochta i bhfad níos lú ná méid na bpréimheanna árachais a d'íoc sí, rinne K. D., trí litir an 4 Aibreán 2017 a conradh árachais a fhoirceannadh agus d'iarr sí ar TUŻ na préimheanna árachais a aisíoc ina n-iomláine. Trí litir an 25 Aibreán 2017, dhiúltaigh TUŻ géilleadh don iarraidh sin.
- 22 Trí chaingean a tionscnaíodh an 10 Eanáir 2018 os comhair an Sąd Rejonowy dla Warszawy-Woli w Warszawie (Cúirt Dúiche Warszawy-Woli, ag suí in Vársá, an Pholainn), arb í an chúirt a rinne an tarchur í, d'iarr K. D. go n-ordófaí do TUŻ suim a íoc léi a fhreagraíonn, go bunúsach, don difear idir luach géilliúna an chonartha árachais an lá a rinneadh é a fhoirceannadh, arbh ionann é, tar éis na táillí leachtaithe a bhaint, agus aon trian de na préimheanna árachais a d'íoc K. D., agus méid iomlán na bpréimheanna sin.
- 23 Mar thaca leis an gcaingean sin, ardaíonn K. D. roinnt saincheisteanna dlí, bunaithe, go háirithe, ar neamhbhailíocht a dearbhaithe maidir le dul isteach sa chonradh grúpa aonadnasctha agus le cleachtas tráchtála éagórach a bheith á fheidhmiú ag TUŻ, arb é sin táirgí nach bhfuil oiriúnach do riachtanais an tomhaltóra a dhíol agus faisnéis mhíthreorach a sholáthar agus ar dhul isteach sa chonradh sin. Mar thaca leis na saincheisteanna dlí sin, maíonn K. D., go bunúsach, go bhfuil forálacha sna téarmaí conarthacha caighdeánacha den chonradh sin atá doiléir, neamhbheacht agus, dá bhrí sin, míthreorach, nach gcuireann ar chumas an tomhaltóra nádúr agus struchtúr an táirge árachais a thairgtear agus na rioscaí lena mbaineann a thuiscint.
- 24 Áitíonn TUŻ gur bhain na cleachtais a líomhain K. D. a bheith ina gcleachtais éagóracha leis an bpróiseas chun an táirge árachais a dhíol, a raibh Y ina bhun, mar chuid dá ghníomhaíocht eacnamaíoch, ar a shon féin agus ina ainm féin. Ina theannta sin, dearbhaíonn TUŻ gur chomhlíon sé a chuid oibleagáidí go léir maidir le faisnéis a chur in iúl, de bhrí go raibh an fhaisnéis go léir a bhaineann leis an táirge árachais sin sna doiciméid a fuair K. D. le linn di dul isteach sa chonradh grúpa aonadnasctha.
- 25 Is sa chomhthéacs sin a bhfuil an chúirt a rinne an tarchur in amhras faoi léiriú roinnt forálacha de Threoir 2005/29 agus de Threoir 93/13 chun an díospóid atá ar feitheamh os a comhair a réiteach. Luann an chúirt sin, sa chéad áit, de réir léiriú litriúil ar Airteagal 3(1) de Threoir 2005/29, arna léamh i bhfianaise aithris 7 den Treoir sin, go mbaineann an coincheap “cleachtas tráchtála éagórach” de réir bhrí na Treoir sin, leis na himthosca a bhaineann leis an gcomhaontú sin a thabhairt i gcrích agus an táirge a chur i láthair don tomhaltóir amháin, agus ní leis an gcéim roimhe sin chun an táirge a cheapadh agus ábhar an chonartha chaighdeánaigh árachais a shocrú.
- 26 Dar leis an gcúirt a rinne an tarchur, is gá na sainghnéithe a bhaineann le caidreamh dlíthiúil tríthaobhach, amhail atá i gceist sna príomhimeachtaí, a chur san áireamh fós. I gcaidreamh den sórt sin, tá an tairiscint den táirge árachais arna cheapadh ag an ngnóthas árachais agus arna dháileadh ag an sealbhóir polasaí bunaithe ar chonradh caighdeánach árachais arna dhréachtú ag an ngnóthas árachais sin, ina leagtar síos raon feidhme na n-oibleagáidí atá ar an ngnóthas sin agus ar an tomhaltóir, faoi seach.

- 27 Sa chás nach bhfuil conradh caighdeánach den sórt sin dréachtaithe ar bhealach sothuigthe, a mhéid nach gcuirtear ar chumas an mheántomhaltóra na buntréithe den táirge árachais a thairgtear a thuiscint, d'fhéadfaí an coincheap “cleachtas tráchtála éagórach” a thuiscint freisin sa chaoi go mbaineann sé le hiompar trádálaí, cé nach bhfuil baint aige leis an táirge a mhargú, a dhréachtaigh conradh árachais caighdeánach míthreorach atá mar bhunús le tairiscint tráchtála a ullmhaíonn agus a thairgeann trádálaí eile do thomhaltóirí.
- 28 Sa dara háit, dá mba rud é gurbh amhlaidh an cás, ba ghá an cheist a fhreagairt freisin cé acu de na trádálaithe atá freagrach as an gcleachtas tráchtála éagórach sin, an trádálaí a d'ullmhaigh an conradh caighdeánach míthreorach árachais nó an trádálaí a chuir an táirge i láthair bunaithe ar an gconradh caighdeánach don tomhaltóir agus atá freagrach go díreach as é a mhargú, nó ar chóir an dá oibreoir a chur faoi dhliteanas as cleachtas den sórt sin.
- 29 I ndáil leis sin, tugann an chúirt a rinne an tarchur dá haire, sa chás ina leagtar de chúram ar an sealbhóir polasaí an conradh grúpa aonadnasctha a tháirgeadh agus go bhfaigheann sé coimisiún ón ngnóthas árachais as an méid sin, agus go bhfreagraíonn an coincheap “trádálaí” de réir bhrí Airteagal 2(b) de Threoir 2005/29 freisin d'aon duine a ghníomhaíonn in ainm agus ar son trádálaí, go bhféadfaí an dá oibreoir sin a chur faoi dhliteanas.
- 30 Sa tríú háit, tá an chúirt a rinne an tarchur in amhras an bhfuil Airteagal 12(1), pointe (4) den Dlí maidir le cleachtais tráchtála éagóracha a chomhrac i gcomhréir le Treoir 2005/29. Faoin bhforáil sin, faoi mar a léiríonn na cúirteanna Polannacha í, is féidir a iarraidh go gcuirfear ar neamhní conradh a tugadh i gcrích mar gheall ar chleachtas tráchtála éagórach.
- 31 De réir Airteagal 3(2) de Threoir 2005/29, áfach, má chinntear go bhfuil cleachtas tráchtála éagórach, ní bhíonn tionchar díreach aige sin ar bhailíocht an chonartha. Ina theannta sin, is léir ó Airteagal 13 den Treoir sin gur chóir go mbeadh na pionóis dá bhforáiltear ag na Ballstáit maidir le sárúithe ar an dlí náisiúnta lena dtrasuitear an Treoir sin éifeachtach, comhréireach agus athchomhairlaeach. Ba chóir na pionóis sin a shocrú i bhfianaise na rialach leithdháilte dá dtagraítear in Airteagal 3(2) den Treoir sin.
- 32 Dar leis an gcúirt a rinne an tarchur, ní féidir le Treoir 2005/29 a bheith mar bhunús le cinneadh go bhfuil conradh neamhbhailí. Dá réir sin, maidir le foráil den dlí náisiúnta lena dtrasuitear an Treoir sin agus lena bhforáiltear go gcuirfear ar neamhní conradh arna thabhairt i gcrích mar gheall ar chleachtas tráchtála éagórach, foráil dhíreireach a bheadh ann. Ní hé ach le Treoir 2019/2161 a rinne reachtóir an Aontais foráil, ar bhonn eisceachtúil, don fhéidearthacht foirceannadh conartha a tugadh i gcrích mar sin a iarraidh, trí Airteagal 11a a chur isteach i dTreoir 2005/29, i ndiaidh theacht i bhfeidhm Airteagal 12(1), pointe 4 den Dlí maidir le cleachtais tráchtála éagóracha a chomhrac.
- 33 Sa cheathrú háit, i gcás go gcuirfí cosc le Treoir 2005/29 ar an gconradh sin a chur ar neamhní mar phionós i dtaca le cleachtas tráchtála éagórach, mar is amhlaidh i ndlí na Polainne, tá an chúirt a rinne an tarchur in amhras an bunús dlí cuí é Airteagal 5 de Threoir 93/13 chun neamhniú den sórt sin a lorg.
- 34 I ndáil leis sin, measann an chúirt a rinne an tarchur go sáraítear an oibleagáid a leagtar síos in Airteagal 5 de Threoir 93/13 maidir le téarmaí conarthacha a dhréachtú go soiléir agus go sothuigthe más rud é go n-úsáidtear conradh caighdeánach árachais atá dothuigthe agus doiléir, nach gcuireann ar chumas an tomhaltóra na buntréithe den táirge arna mhargú ná leithdháileadh

agus méid an riosca infheistíochta a leagtar air a thuiscint. Dá ndéanfaí cinneadh den sórt sin, d'fhéadfadh na cúirteanna náisiúnta téarmaí áirithe de chonradh caighdeánach den sórt sin a chur ar neamhní, toisc iad a bheith éagórach, de réir bhrí Airteagal 3(1) den Treoir sin.

35 Sna himthosca sin, chinn an Sąd Rejonowy dla Warszawy-Woli w Warszawie (Cúirt Dúiche Warszawy-Woli, ag suí in Vársá) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

- “1) An gcaithfear Airteagal 3(1) [de Threoir 2005/29, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 2(d) di] a léiriú amhail nach mbaineann an coincheap maidir le cleachtas tráchtála éagórach ach leis na himthosca a bhaineann leis an gconradh a thabhairt i gcrích agus an táirge a chur i láthair don tomhaltóir, nó an gcuimsítear le raon feidhme na Treorach sin agus, dá réir sin, leis an gcoincheap sin, dréachtú conartha chaighdeánaigh mhíthreoraigh, arna dhéanamh ag trádálaí a cheap an táirge, ar conradh é atá mar bhunús leis an tairiscint tráchtála arna hullmhú ag trádálaí eile agus nach mbaineann go díreach leis an táirge a mhargú?
- (2) Más freagra dearfach a thabharfar ar an gcéad cheist, an é an trádálaí a dhréachtaíonn téarmaí conarthacha caighdeánacha míthreoracha nó an trádálaí a chuireann an táirge i láthair don tomhaltóir ar bhonn na dtéarmaí conarthacha caighdeánacha agus a dhíolann an táirge go díreach a chaithear a chur faoi dhliteanas as an gcleachtas tráchtála éagórach de réir bhrí Threoir 2005/29, nó an gcaithfear a mheas go bhfuil an dá thrádálaí sin faoi dhliteanas de bhun Airteagal 2005/29?
- (3) An gcuirtear cosc le hAirteagal 3(2) de Threoir 2005/29 le riai dlí náisiúnta (léiriú ar an dlí náisiúnta) lena n-aithnítear go bhfuil ceart ag tomhaltóir ar faoi thionchar cleachtais tráchtála éagóraigh de chuid trádálaí a chuir sé in iúl gur mhian leis conradh a thabhairt i gcrích chun a iarraidh ar an gcúirt náisiúnta an conradh a tugadh i gcrích leis an trádálaí sin a chur ar neamhní, agus na suimeanna a thabhairt ar ais go frithpháirteach?
- (4) Más freagra dearfach a thabharfar ar an tríú ceist, an gcaithfear a mheas gurb í Treoir 93/13 an bunús dlí ceart chun iompar trádálaí a mheasúnú, arb é go n-úsáideann sé conradh caighdeánach dothuigthe agus doiléir ina chaidreamh le tomhaltóirí agus, dá réir sin, an gcaithfear an ceanglas maidir le téarmaí conarthacha a dhréachtú go soiléir agus go sothuigthe, dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Threoir 93/13, a léiriú sa chaoi go gcomhlíontar an ceanglas sin, i gconarthaí árachais saoil atá ceangailte le ciste infheistíochta arna dtabhairt i gcrích le tomhaltóirí, le téarma conarthach nár caibidlíodh ar leithligh agus nach sainítear go sainráite ann an leibhéal riosca infheistíochta le linn thréimhse an chonartha árachais, agus ina luaitear go bhféadfaí go gcaillfí cuid den phréimh tosaigh agus na préimheanna reatha más rud é go bhfoirceanttar an t-árachas roimh dheireadh na thréimhse árachais?”

An nós imeachta os comhair na Cúirte Breithiúnais

36 Le cinneadh ó Uachtarán na Cúirte an 28 Nollaig 2021, cuireadh bac ar na himeachtaí sa chás seo, de bhun Airteagal 55(1)(b) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais, go dtí gur tugadh an breithiúnas i gCásanna Uamtha C-143/20 agus C-213/20, *A agus páirtithe eile (Conarthaí árachais “aonadnasctha”)*

- 37 Le cinneadh Uachtarán na Cúirte an 25 Feabhra 2022, seirbheáladh breithiúnas an 24 Feabhra 2022, *A agus páirtithe eile (Conarthaí árachais “aonadnasctha”)* (C-143/20 agus C-213/20, EU:C:2022:118), ar an gcúirt a rinne an tarchur ionas go gcuirfeadh sí in iúl an raibh sí ag iarraidh leanúint aghaidh leis an iarraidh ar réamhrialú.
- 38 Le litir an 6 Bealtaine 2022, chuir an chúirt sin an Chúirt ar an eolas gur mhian léi leanúint leis an iarraidh. Dá bhrí sin, cinneadh na himeachtaí sa chás seo a atosú.

Inghlacthacht na hiarrata ar réamhrialú

- 39 Cuireann TUŽ amhras in iúl maidir le hinghlacthacht na hiarrata ar réamhrialú, leis an argóint nach bhfuil gá le freagra ar na ceisteanna a chuirtear chun an díospóid sna príomhimeachtaí a réiteach. Ar an gcéad dul síos, d’aithin TUŽ agus d’íoc sé, an 25 Samhain 2020, méid an chreidmheasa a d’éiligh K. D. isteach ina cuntas, sa chaoi nach bhfuil aon chuspóir leis an díospóid sna príomhimeachtaí a thuilleadh. Ar an dara dul síos, bhí freagra leis na ceisteanna sin le fáil i gcásdlí na Cúirte agus na gcúirteanna náisiúnta cheana.
- 40 Sa chéad áit, maidir le freagra a bheith tugtha cheana féin ag cásdlí na Cúirte Breithiúnais ar cheisteanna na cúirte a rinne an tarchur, is leor a thabhairt faoi deara, fiú i gcás cásdlí lena réitítear an cheist dlí atá faoi thrácht, tá sé faoi lánrogha na gcúirteanna náisiúnta ceist a chur faoi bhráid na Cúirte má mheasann siad gurb iomchuí sin, agus ní bheidh sé de thoradh ar léiriú a bheith tugtha ag an gCúirt ar na forálacha dá bhfuil léiriú á lorg go gcuirfead bac ar an gCúirt sin breith a thabhairt as an nua ná go mbeidh na ceisteanna a chuirtear do-ghlactha (breithiúnas an 6 Samhain 2018, *Bauer agus Willmeroth*, C-569/16 agus C-570/16, EU:C:2018:871, míreanna 21 agus 22).
- 41 Sa dara háit, maidir le díospóid a bheith ann sna príomhimeachtaí, is fíor, mar is léir ó fhocláíocht Airteagal 267 CFAE, go gcaithfidh go mbeidh gá leis an gcinneadh réamhrialaithe a iarrtar chun go bhféadfaidh an chúirt a rinne an tarchur breith a thabhairt ar an gcás atá os a comhair. Dá réir sin, glactar leis, go háirithe, go bhfuil díospóid ar feitheamh os comhair na gcúirteanna náisiúnta, ina bhfuil orthu breith a thabhairt lena bhféadfaí an breithiúnas réamhrialaithe a chur san áireamh (féach, chuige sin, breithiúnas an 24 Feabhra 2022, *TGSS (Dífhostaíocht oibríthe tí)*, C-389/20, EU:C:2022:120, mír 25 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 42 Ní mór a mheabhrú, de réir cásdlí socair, i gcomhthéacs an chomhair idir an Chúirt Bhreithiúnais agus na cúirteanna náisiúnta dá bhforáiltear in Airteagal 267 CFAE, gur faoin gcúirt náisiúnta ar tugadh an díospóid os a comhair agus nach mór freagracht a ghlacadh as an gcinneadh breithiúnach atá le teacht atá sé a mheasúnú, i bhfianaise imthosca sonracha an cháis, an bhfuil gá le réamhrialú ionas go bhféadfaidh sí a breith a thabhairt agus ábharthacht na gceisteanna a chuirfidh sí faoi bhráid na Cúirte a chinneadh. Dá bhrí sin, nuair a bhaineann na ceisteanna a chuirtear le léiriú dhlí an Aontais, tá an Chúirt faoi cheangal, i bprionsabal, breith a thabhairt (féach, chuige sin, breithiúnas an 24 Feabhra 2022, *TGSS (Dífhostaíocht oibríthe tí)*, C-389/20, EU:C:2022:120, mír 23 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 43 Dá bhrí sin, tá toimhde ábharthachta ann maidir le ceisteanna a bhaineann le dlí an Aontais. Ní féidir leis an gCúirt Bhreithiúnais diúltú le rialú a thabhairt ar cheist arna tarchur ag cúirt náisiúnta le haghaidh réamhrialú ach amháin má dhealraíonn sé go follasach nach bhfuil baint ar bith ag an léirmhíniú arna iarraidh ar dhlí an Aontais le fíricí iarbhir nó le cuspóir na díospóide sna príomhimeachtaí, más fadhb de chineál hipitéiseach í nó mura bhfuil an fhaisnéis fhíorasach agus

dhlíthiúil is gá ag an gCúirt Bhreithiúnais chun freagra úsáideach a thabhairt ar na ceisteanna a cuireadh uirthi (féach, chuige sin, breithiúnas an 24 Feabhra 2022, *TGSS (Dífhostaíocht oibrithe tí)*, C-389/20, EU:C:2022:120, mír 23 agus an cásdlí dá dtagraítear).

- 44 Sa chás seo, mar fhreagra ar cheist ón gCúirt Bhreithiúnais, luaigh an chúirt a rinne an tarchur go raibh an cás sna príomhimeachtaí fós ar feitheamh, nár tarraingíodh siar iarraidh an iarratasóra agus gur mheas sí nárbh iomchuí clabhsúr a chur leis an gcás, ós rud é gur aithin TUŽ an creidmheas chun go gcuirfí clabhsúr leis na himeachtaí agus go gcuirfí bac ar an gCúirt breith a thabhairt.
- 45 Rialaigh an Chúirt cheana, más rud é go luann an chúirt a rinne an tarchur go bhfuil an cás sna príomhimeachtaí fós ar feitheamh, go bhfuil an Chúirt faoi cheangal aige sin, agus nach féidir, i bprionsabal, leis na páirtithe sna príomhimeachtaí é sin a thabhairt faoi cheist (féach, chuige sin, breithiúnas an 27 Feabhra 2014, *Pohotovost*, C-470/12, EU:C:2014:101, mír 30, agus an 18 Samhain 2020, *DelayFix*, C-519/19, EU:C:2020:933, mír 33).
- 46 Thairis sin, ós rud é nach léir ón gcáschomhad atá os comhair na Cúirte ná ón bhfreagra ón gcúirt a rinne an tarchur maidir le leanúint den iarraidh ar réamhrialú gur tharraing an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí siar ó na himeachtaí nó gur tugadh sásamh dá éilimh, sa chaoi nach bhfuil cuspóir leis an díospóid a thuilleadh, ní léir, go follasach, go bhfuil an cheist a chuirtear san iarraidh ar réamhrialú tagtha chun bheith hipitéiseach, sa chaoi gur cosúil go bhfuil gá fós le freagra ar na ceisteanna a chuirtear chun an díospóid a réiteach (féach, chuige sin, breithiúnas an 8 Nollaig 2022, *Caisse régionale de Crédit mutuel de Loire-Atlantique et du Centre Ouest*, C-600/21, EU:C:2022:970, mír 25).
- 47 Sna himthosca sin, ní mór a mheas go bhfuil an iarraidh ar réamhrialú inghlactha.

Na ceisteanna arna dtarchur chun réamhrialú

An chéad cheist agus an dara ceist

- 48 De réir chásdlí socair na Cúirte, faoin nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 267 CFAE, lena bhforáiltear do chomhar idir na cúirteanna náisiúnta agus an Chúirt Bhreithiúnais, is faoin gCúirt Bhreithiúnais atá sé freagra a thabhairt don chúirt náisiúnta a bheidh úsáideach di agus lena gcuirfear ar a cumas breith a thabhairt sa díospóid atá roimpi. Chuige sin, is féidir leis an gCúirt, i gcás inarb iomchuí, na ceisteanna a chuirtear faoina bráid a chur i bhfocail eile. Ina theannta sin, is féidir go dtabharfar ar an gCúirt rialacha dhlí an Aontais nár thagair an chúirt náisiúnta dóibh ina ceisteanna a chur san áireamh (breithiúnas an 15 Iúil 2021, *Ministrstvo za obrambo*, C-742/19, EU:C:2021:597, mír 31).
- 49 Ní mór a lua gur rialaigh an Chúirt roinnt uaireanta gurb é an gá le réiteach éifeachtach a thabhairt ar dhíospóid an chúis atá taobh thiar den iarraidh ar réamhrialú, agus ní tuairimí comhairleacha a thabhairt ar cheisteanna ginearálta nó hipitéiseacha (breithiúnas an 15 Meitheamh 2021, *Facebook Ireland agus páirtithe eile*, C-645/19, EU:C:2021:483, mír 116 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 50 Sa chás seo, is léir ón gcuntas ar na fíorais a thugtar i mír 23 den bhreithiúnas seo go mbaineann an díospóid sna príomhimeachtaí le cleachtas tráchtála éagórach líomhainte a bheith ann arb é go ndréchtaíonn gnóthas árachais conradh grúpa caighdeánach aonadnasctha ar bhealach doiléir

agus dothuigthe, sa chaoi nach féidir leis an tomhaltóir a théann isteach sa chonradh grúpa sin, ar thairiscint ón dara gnóthas, atá ina pháirtí sa chonradh grúpa, nádúr agus struchtúr an táirge árachais a thairgtear agus na rioscaí lena mbaineann a thuiscint.

- 51 Sna himthosca sin, lena céad cheist agus a dara ceist, nach mór a scrúdú le chéile, fiafraíonn an chúirt sin, go bunúsach, an gcaithfear Airteagal 3(1) de Threoir 2005/29 a léiriú sa chaoi gur “cleachtas tráchtála éagórach” de réir bhrí na forála sin, atá i gceist má dhréachtaíonn gnóthas árachais conradh grúpa caighdeánach aonadnasctha nach gcuireann ar chumas an tomhaltóra a théann isteach sa chonradh grúpa sin, ar thairiscint an dara gnóthas, arb é an sealbhóir polasaí é, nádúr agus struchtúr an táirge árachais a thairgtear agus na rioscaí lena mbaineann a thuiscint. Más amhlaidh sin, fiafraíonn an chúirt sin, thairis sin, an gcaithfear an gnóthas árachais, an sealbhóir polasaí árachais nó an dá thrádálaí le chéile a chur faoi dhliteanas as an gcleachtas tráchtála éagórach sin den ghnóthas árachais.
- 52 I gcomhréir le hAirteagal 3(1) de Threoir 2005/29, tá feidhm ag an Treoir sin maidir le cleachtais éagóracha idir gnólachtaí agus tomhaltóirí, mar a leagtar síos in Airteagal 5 den Treoir sin, roimh, le linn agus tar éis idirbheart tráchtála maidir le táirge. De réir Airteagal 5(4) den Treoir sin, is cleachtais tráchtála éagóracha iad cleachtais atá míthreorach, de réir bhrí Airteagail 6 agus 7, nó ionsaitheach, de réir bhrí Airteagail 8 agus 9.
- 53 Sa chéad áit, maidir le “cleachtas tráchtála” de réir bhrí Threoir 2005/29 a bheith i gceist sa chás ina ndrúchtaíonn gnóthas árachais conradh grúpa caighdeánach aonadnasctha, ní mór, ar an gcéad dul síos, a thabhairt faoi deara go sainmhínítear an coincheap “cleachtais tráchtála” in Airteagal 2(d) den Treoir sin ar bhealach an-leathan, agus gur gá do na cleachtais atá i gceist a bheith, ar thaobh amháin, de chineál tráchtála, is é sin go dtagann siad ó thrádálaithe agus, ar an taobh eile, ceangal díreach a bheith acu le cur chun cinn, díol nó soláthar táirge do thomhaltóirí. I ndáil leis sin, shoiléirigh an Chúirt, ar thaobh amháin, go gcuimsíonn na téarmaí “ceangal díreach le táirge a dhíol”, *inter alia*, gach beart a ghlacfar i dtaca le conradh a thabhairt i gcrích, agus go dtagraíonn an coincheap “táirge” de réir bhrí Airteagal 2(c) den Treoir sin do gach táirge nó seirbhís. Ar an taobh eile, is léir ó Airteagal 2(b) den Treoir sin go dtagraíonn an coincheap “trádálaí” do “aon duine nádúrtha nó dlítheanach” atá i mbun gníomhaíocht íoctha, ar an gcoinníoll go dtagann an cleachtas tráchtála sin faoina chuid gníomhaíochtaí gairmiúla, lena n-áirítear sa chás inar gnóthas eile a fheidhmíonn an cleachtas sin, ag gníomhú dó in ainm nó ar son an duine sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 24 Feabhra 2022, *A agus páirtithe eile (Conarthaí árachais “aonadnasctha”)*, C-143/20 agus C-213/20, EU:C:2022:118, mír 129 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 54 Ansin, maidir leis an gcoincheap sin a bheith infheidhme maidir le gníomhaíochtaí gnóthais árachais i ndáil le tomhaltóirí a bheith ag dul isteach i gconradh grúpa aonadnasctha, rialaigh an Chúirt cheana, ar dtús, go n-eascraíonn sé ó dhearbhu trína dtéann tomhaltóir isteach i gconradh grúpa den sórt sin arna thabhairt i gcrích idir gnóthas árachais agus gnóthas is sealbhóir polasaí árachais go bhfuil conradh árachais aonair idir an gnóthas árachais sin agus an tomhaltóir sin. Trína thairiscint don tomhaltóir dul isteach sa chonradh grúpa sin, feidhmíonn an gnóthas is sealbhóir polasaí, ar a thaobhsa, ar comaoin íocaíochta, gníomhaíocht idirghabhála árachais de réir bhrí Threoir 2002/92/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Nollaig 2002 maidir le hidirghabháil árachais (IO 2003 L 9, lch. 3) (féach, chuige sin, breithiúnas an 24 Feabhra 2002, *A agus páirtithe eile (Conarthaí árachais “aonadnasctha”)*, C-143/20 agus C-213/20, EU:C:2022:118, míreanna 81, 87 agus 88).

- 55 Ciallaíonn sé sin, ina dhiaidh sin, go bhfaighidh an tomhaltóir ar mian leis dul isteach i gconradh grúpa aonadnasctha den sórt sin an fhaisnéis a cheanglaítear le hAirteagal 36(1) de Threoir 2002/83 a chur in iúl don sealbhóir polasaí sula dtabharfar i gcrích an conradh árachais (“an fhaisnéis chonarthach”) (féach, chuige sin, breithiúnas an 24 Feabhra 2022, *A agus páirtithe eile (Conarthaí árachais “aonadnasctha”)*, C-143/20 agus C-213/20, EU:C:2022:118, mír 82).
- 56 I ndáil leis sin, mheas an Chúirt, más rud é, i gcás conradh grúpa aonadnasctha, go bhfuil gné infheistíochta ag baint leis an táirge árachais, nach féidir a scaradh ón táirge sin, ní mór sonraí maidir le buntréithe na sócmhainní ionannais den chonradh grúpa aonadnasctha a chur ar fáil mar chuid den fhaisnéis chonarthach sin. Ní mór a áireamh ar na sonraí sin tuairisc shoiléir, bheacht agus shothuigthe de chineál eacnamaíoch agus dlíthiúil na sócmhainní ionannais sin, lena n-áirítear na prionsabail ghinearálta lena rialaítear a bhfeidhmíocht, mar aon le faisnéis shoiléir, bheacht agus shothuigthe maidir leis na rioscaí struchtúracha a bhaineann leis na sócmhainní ionannais, eadhon na rioscaí a bhaineann lena nádúr agus ar féidir leo difear a dhéanamh do na cearta agus na hoibleagáidí a eascraíonn ón gcaidreamh árachais, amhail na rioscaí a bhaineann le díluacháil aonaid an chiste infheistíochta lena bhfuil an conradh ceangailte nó riosca mainneachtana eisitheoir na n-ionstraimí airgeadais a chomhdhéanann na sócmhainní ionannais céanna. Mar sin féin, ní gá a áireamh ar na sonraí sin tuairisc mhionsonraithe agus uileghabhálach ar nádúr agus méid na rioscaí infheistíochta go léir a bhaineann le sócmhainní ionannais an chonartha grúpa aonadnasctha, amhail na rioscaí a bhaineann le saintréithe na n-ionstraimí airgeadais éagsúla lena gcomhdhéantar iad nó na modhanna teicniúla chun luach an innéacs ar a bhfuil fócaíocht na n-ionstraimí airgeadais bunaithe a ríomh, ná fiú an fhaisnéis chéanna leis an bhfaisnéis a cheanglaítear ar eisitheoir na n-ionstraimí airgeadais a chur in iúl dá chliant, mar sholáthraí seirbhísí infheistíochta (féach, chuige sin, breithiúnas an 24 Feabhra 2022, *A agus páirtithe eile (Conarthaí árachais “aonadnasctha”)*, C-143/20 agus C-213/20, EU:C:2022:118, mír 97, mar aon le míreanna 102 go 105).
- 57 Ar deireadh, ní mór don ghnóthas árachais an fhaisnéis chonarthach a chur in iúl don ghnóthas is sealbhóir polasaí, trína cur in iúl ar bhealach atá soiléir, beacht agus sothuigthe do thomhaltóirí, d’fhonn í a chur in iúl ar chéim níos déanaí do na tomhaltóirí mar chuid den nós imeachta chun dul isteach i gconradh grúpa aonadnasctha. Ní mór don ghnóthas is sealbhóir den pholasaí árachais, ag gníomhú mar idirghabhálaí árachais, ar a thaobhsa, an fhaisnéis chonarthach a chur in iúl do gach tomhaltóir sula dtéann sé isteach sa chonradh, mar aon le haon sonraí eile a bhfuil gá leo i bhfianaise cheanglais agus riachtanais an tomhaltóra. Ní mór na sonraí sin a chur in oiriúint de réir chastacht an chonartha sin agus iad a chur in iúl ar bhealach atá soiléir, beacht agus atá sothuigthe don tomhaltóir sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 24 Feabhra 2022, *A agus páirtithe eile (Conarthaí árachais “aonadnasctha”)*, C-143/20 agus C-213/20, EU:C:2022:118, míreanna 89 go 91).
- 58 Thairis sin, shonraigh an Chúirt gur féidir faisnéis chonarthach don tomhaltóir ar mian leis dul isteach sa chonradh grúpa caighdeánach aonadnasctha a chur in iúl trí chonradh caighdeánach arna dhréachtú ag an ngnóthas árachais, ar choinníoll go dtugann an gnóthas is sealbhóir polasaí é don tomhaltóir sula dtéann sé isteach sa chonradh, in am trátha chun go bhféadfaidh sé cinneadh eolach a dhéanamh go feasach maidir leis an táirge árachais is oiriúnaí dá riachtanais (féach, chuige sin, breithiúnas an 24 Feabhra 2022, *A agus páirtithe eile (Conarthaí árachais “aonadnasctha”)*, C-143/20 agus C-213/20, EU:C:2022:118, mír 118).
- 59 Is ar bhonn na mbreithnithe a ndéantar achoimre orthu i míreanna 53 go 58 den bhreithiúnas seo a chinn an Chúirt, i mbreithiúnas an 24 Feabhra 2022, *A agus páirtithe eile (Conarthaí árachais “aonadnasctha”)* (C-143/20 agus C-213/20, EU:C:2022:118, mír 130), maidir le faisnéis

chonarthach a chur in iúl do thomhaltóir sula dtéann sé isteach i gconradh grúpa aonadnasctha, ar an gcéad dul síos, go dtagann sin ón ngnóthas árachais agus ón ngnóthas is sealbhóir polasaí atá ag gníomhú mar idirghabhálaí árachais agus go bhfuil sin mar chuid de na gníomhaíochtaí a shaothraíonn na gnóthais sin ar bhonn gairmiúil agus, ar an dara dul síos, go mbaineann sin go díreach le conradh árachais a bheith á thabhairt i gcrích ag an tomhaltóir de réir bhrí Threoir 2002/83, sa chaoi gur “cleachtas tráchtála”, de réir bhrí Threoir 2005/29, é an fhaisnéis sin a chur in iúl.

- 60 Más rud é, mar atá sa chás seo, go gcuirtear sin in iúl i bhfoirm conradh caighdeánach, atá mar bhunús don tairiscint chun dul isteach sa chonradh grúpa caighdeánach aonadnasctha a thairgeann an gnóthas is sealbhóir polasaí, tagann dréachtú an chonartha chaighdeánaigh sin, arna dhéanamh ag an ngnóthas árachais, faoin gcoincheap “cleachtas tráchtála” de réir bhrí Threoir 2005/29.
- 61 Sa dara háit, maidir le cleachtas tráchtála ina ndréchtaíonn gnóthas árachais conradh grúpa caighdeánach aonadnasctha atá doiléir agus neamhbheacht, nach gcuireann ar chumas an tomhaltóra a théann isteach ann, ar thairiscint ó ghnóthas is sealbhóir don chonradh grúpa sin, nádúr agus struchtúr an táirge árachais a thairgtear agus na rioscaí lena mbaineann a thuiscint, a bheith éagórach, ní mór a thabhairt faoi deara gur léir ó Airteagal 7(1) de Threoir 2005/29 go meastar go bhfuil cleachtas tráchtála míthreorach agus gur cleachtas tráchtála éagórach é dá réir sin, de réir bhrí Airteagal 5(4) den Treoir sin, más rud é, i bhfianaise a chomhthéacs fhíorasáigh agus a chuid saintréithe go léir agus na n-imthosca agus na dteorainneacha a bhaineann leis an modh cumarsáide a úsáidtear, go gcomhlíontar dhá choinníoll. Ar an gcéad dul síos, ní mór faisnéis ábhartha a dteastaíonn ón meántomhaltóir, i bhfianaise an chomhthéacs, chun cinneadh idirbhirt eolach a dhéanamh, a bheith fágtha ar lár mar gheall ar an gcleachtas sin. Ar an dara dul síos, ní mór go bhfágfadh an cleachtas tráchtála sin go ndéanfadh an meántomhaltóir cinneadh idirbhirt nach ndéanfadh sé murach sin (*Conarthaí árachais “aonadnasctha”*), C-143/20 agus C-213/20, EU:C:2022:118, mír 131).
- 62 Ina theannta sin, i gcomhréir le hAirteagal 7(2) den Treoir sin, ar choinníoll go gcomhlíonfar an dara coinníoll a luaitear sa mhír roimhe seo, meastar gur easnamh míthreorach é an cleachtas tráchtála freisin má dhéanann trádálaí faisnéis ábhartha den sórt sin a cheilt nó má chuireann sé í ar fáil ar bhealach doiléir, dothuigthe, débhríoch nó go míthráthuíl (breithiúnas an 24 Feabhra 2022, *A agus páirtithe eile (Conarthaí árachais “aonadnasctha”*), C-143/20 agus C-213/20, EU:C:2022:118, mír 132).
- 63 I ndáil leis sin, chinn an Chúirt, ar thaobh amháin, gur faisnéis ábhartha, de réir bhrí Airteagal 7 de Threoir 2005/29, í an fhaisnéis chonarthach dá dtagraítear i mír 56 den bhreithiúnas seo (féach, chuige sin, breithiúnas an 24 Feabhra 2022, *A agus páirtithe eile (Conarthaí árachais “aonadnasctha”*), C-143/20 agus C-213/20, EU:C:2022:118, mír 133).
- 64 Ar an taobh eile, i bhfianaise a rithábhachtaí atá sé an fhaisnéis chonarthach dá dtagraítear i mír 56 a chur in iúl, chun a chur ar chumas an tomhaltóra ar mian leis dul isteach i gconradh grúpa aonadnasctha rogha eolach a dhéanamh go feasach maidir leis an táirge árachais is oiriúnaí dá riachtanais, mheas an Chúirt, mura gcuirtear in iúl an fhaisnéis sin, má dhéantar í a cheilt, nó má chuirtear in iúl í go doiléir, dothuigthe, débhríoch nó go míthráthuíl, gur cosúil gur féidir go dtabharfar ar an tomhaltóir cinneadh idirbhirt a dhéanamh nach ndéanfadh sé murach sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 24 Feabhra 2022, *A agus páirtithe eile (Conarthaí árachais “aonadnasctha”*), C-143/20 agus C-213/20, EU:C:2022:118, mír 134).

- 65 Bhain an Chúirt de thátal as sin gur féidir gur cleachtas tráchtála éagórach é de réir bhrí Airteagal 5(4) de Threoir 2005/29 mura gcuirtear in iúl an fhaisnéis chonarhach sin don tomhaltóir ar mian leis dul isteach i gconradh grúpa aonadnasctha, agus go háirithe, gur féidir a mheas gur easnamh míthreorach é de réir bhrí Airteagal 7 den Treoir sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 24 Feabhra 2022, *A agus páirtithe eile (Conarthaí árachais “aonadnasctha”)*, C-143/20 agus C-213/20, EU:C:2022:118, mír 135).
- 66 Dá réir sin, i gcás, ar an gcéad dul síos, go gcuirtear an fhaisnéis chonarhach in iúl don tomhaltóir ar mian leis dul isteach sa chonradh sin trí chonradh caighdeánach arna dhréachtú ag an ngnóthas árachais agus, ar an dara dul síos, go bhfágtar an fhaisnéis chonarhach dá dtagraítear i mír 56 den bhreithiúnas seo ar lár ón gconradh caighdeánach sin, go gcuirtear faoi cheilt í, nó go gcuirtear í in iúl ar bhealach doiléir, dothuigthe nó débhríoch sa chaoi nach gcuirtear ar chumas an tomhaltóra nádúr agus struchtúr an táirge árachais a thairgtear agus na rioscaí lena mbaineann a thuiscint agus rogha eolach a dhéanamh go feasach maidir leis an táirge árachais is oiriúnaí dá riachtanais, is féidir a mheas gur easnamh míthreorach é an cleachtas tráchtála sin, de réir bhrí Airteagal 7 de Threoir 2005/29 agus gur cleachtas tráchtála éagórach é an cleachtas sin, de réir bhrí Airteagal 5(4) den Treoir sin.
- 67 Is léir ón méid sin, dá réir sin, faoi réir na bhfíoruithe atá le déanamh ag na cúirteanna náisiúnta maidir leis an gceist an gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach sa mhír roimhe seo, sa chás ina ndréchtaíonn gnóthas árachais conradh grúpa caighdeánach aonadnasctha nach gcuireann ar chumas an tomhaltóra nádúr agus struchtúr an táirge árachais a thairgtear agus na rioscaí lena mbaineann a thuiscint, is féidir gur “cleachtas tráchtála éagórach” é sin de réir bhrí Airteagal 3(1) de Threoir 2005/29.
- 68 Sa tríú háit, agus ar deireadh, maidir le dliteanas a fhorchur as cleachtas tráchtála éagóracha ar an ngnóthas árachais, ar an ngnóthas is sealbhóir polasaí nó ar an dá thrádálaí sin, chinn an Chúirt cheana féin, i bhfianaise an tsainmhínithe ar an gcoincheap “trádálaí” de réir bhrí Airteagal 2(b) de Threoir 2005/29, dá dtagraítear i mír 53 den bhreithiúnas seo, gur féidir go mbeidh feidhm ag an Treoir sin i gcás ina gcuireann gnóthas eile cleachtais tráchtála oibreora i bhfeidhm, agus é ag feidhmiú in ainm agus/nó ar son an oibreora sin, sa chaoi go bhféadfaí forálacha na Treorach sin, in imthosca áirithe, a agairt i gcoinne an oibreora sin agus an ghnóthais sin araon, sa chás go bhfreagraíonn an dá thrádálaí sin don sainmhíniú ar “thrádálaí” (breithiúnas an 17 Deireadh Fómhair 2013, *RLV*, C-391/12, EU:C:2013:669, mír 38).
- 69 Sa chás seo, is léir, go háirithe, ó na breithnithe a leagtar amach i míreanna 54, 57 agus 59 den bhreithiúnas seo, ar an gcéad dul síos, i gcomhthéacs an phróisis ina dtéann tomhaltóirí isteach i gconradh grúpa aonadnasctha, go bhfreagraíonn an gnóthas árachais agus an gnóthas is sealbhóir polasaí don sainmhíniú ar thrádálaí de réir bhrí Threoir 2005/29. Ar an dara dul síos, tá an dá thrádálaí sin araon freagrach ar bhonn aonair as comhlíonadh na hoibleagáide maidir le faisnéis réamhchonarthach dá dtagraítear in Airteagal 36(1) de Threoir 2002/83 i bhfabhar tomhaltóra a théann isteach sa chonradh grúpa aonadnasctha sin, maidir leis an gcuid den oibleagáid sin atá le comhlíonadh acu.
- 70 Dá réir sin, sa chás inarb é atá sa chleachtas tráchtála éagórach ná gur dhréachtaigh an gnóthas árachais an conradh grúpa caighdeánach aonadnasctha ar bhealach míthreorach, a chuir sé in iúl don tomhaltóir go tráthúil sula ndeachaigh sé isteach sa chonradh grúpa sin, ní mór an ghnóthas sin, i bprionsabal, a chur faoi dhliteanas as an gcleachtas sin.

- 71 Tá an méid sin gan dochar do dhliteanas féideartha an ghnóthais is sealbhóir polasaí de bhun cleachtas tráchtála éagóracha eile a bhfuil ceangal díreach acu leis an bpróiseas ina dtéann an tomhaltóir isteach sa chonradh grúpa aonadnasctha, amhail na cleachtas arb ionann iad agus gur mainníodh faisnéis shonrach bhreise a thabhairt de réir bhrí mhír 57 den bhreithiúnas seo, i ndáil, go háirithe, le gnéithe airgeadais na hinfheistíochta sa táirge árachais agus na rioscaí lena mbaineann, a gceanglaítear ar an ngnóthas sin, ina cháil mar idirghabhálaí árachais, de réir bhrí Threoir 2002/92, a chur in iúl don tomhaltóir, nó gan an tréimhse chun an conradh grúpa caighdeánach aonadnasctha a chur chuig an tomhaltóir a chomhlíonadh de réir mhír 58 den bhreithiúnas seo.
- 72 I bhfianaise na mbreithnithe uile thuas, ní mór a thabhairt mar fhreagra ar an gcéad cheist agus ar an dara ceist nach mór Airteagal 3(1) de Threoir 2005/29 a léiriú sa chaoi go bhféadfaidh sé gur “cleachtas tráchtála éagórach” de réir bhrí na forála sin, atá i gceist má dhréachtaíonn gnóthas árachais conradh grúpa caighdeánach aonadnasctha nach gcuireann ar chumas an tomhaltóra a théann isteach sa chonradh grúpa sin, ar thairiscint dara gnóthas, arb é an sealbhóir polasaí é, nádúr agus struchtúr an táirge árachais a thairgtear agus na rioscaí lena mbaineann a thuiscint, agus nach mór an gnóthas árachais sin a chur faoi dhliteanas as an gcleachtas tráchtála éagórach sin.

An tríú ceist

- 73 Is léir ón ordú tarchuir, mar a dhéantar achoimre air i míreanna 30 go 32 den bhreithiúnas seo, go bhfuil an chúirt a rinne an tarchur ag iarraidh a fháil amach, go bunúsach, i bhfianaise Airteagal 3(2) de Threoir 2005/29 ónar léir nach mbíonn tionchar díreach ag cinneadh go bhfuil cleachtas tráchtála éagórach ar bhailíocht an chonartha sin, an féidir a mheas gur beart pionóis comhréireach é de réir bhrí Airteagal 13 den Treoir sin léiriú ar dhlí na Polainne lena dtugtar an ceart don tomhaltóir chun a iarraidh go gcuirfear ar neamhní conradh arna thabhairt i gcrích mar gheall ar chleachtas tráchtála éagórach.
- 74 Ní mór, i gcomhréir leis an gcásdlí dá dtagraítear i mír 48 den bhreithiúnas seo, a mheas, go bhfiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gcaithfear Airteagal 3(2) de Threoir 2005/29, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 13 den Treoir sin, a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leis ar léiriú ar an dlí náisiúnta lena dtugtar an ceart do thomhaltóir a thug conradh i gcrích mar gheall ar chleachtas tráchtála éagórach de chuid trádálaí chun neamhniú an chonartha sin a iarraidh.
- 75 Chun an cheist sin a fhreagairt, ní mór a chinneadh, ar dtús, an gcuirtear cosc le hAirteagal 3(2) den Treoir sin ar na Ballstáit ceart a dheonú do thomhaltóirí mar phionós i gcoinne cleachtas tráchtála éagórach, agus ansin, mura gcuirtear, a chinneadh más féidir a mheas gur pionós éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach é an conradh a chur ar neamhní, de réir bhrí Airteagal 13 den Treoir sin.
- 76 Sa chéad áit, maidir le léiriú Airteagal 3(2) den Treoir sin, ba cheart a mheabhú, i gcomhréir le cásdlí socair na Cúirte, gur gá, agus foráil de dhlí an Aontais á léiriú, machnamh a dhéanamh ní hamháin ar a foclaíocht ach ar an gcomhthéacs ina bhfuil sí agus ar na cuspóirí atá á saothrú leis na rialacha a bhfuil sí mar chuid díobh freisin (breithiúnas an 26 Aibreán 2022, *Landespolizeidirektion Steiermark (Uastréimhse rialaithe ag teorainneacha inmheánacha)*, C-368/20 agus C-369/20, EU:C:2022:298, mír 56).

- 77 Ar an gcéad dul síos, maidir le foclaíocht na forála sin, is léir óna téarmaí féin, in éagmais comhchuibhiú ar leibhéal an Aontais Eorpaigh ar na gnéithe ginearálta de dhlí na gconarthaí, go rialaítear bailíocht na gconarthaí leis an dlí náisiúnta (féach, chuige sin, breithiúnas an 3 Feabhra 2021, *Stichting Waternet*, C-922/19, EU:C:2021:91, míreanna 42 agus 45).
- 78 Ar an dara dul síos, maidir leis an gcomhthéacs lena mbaineann an fhoráil sin, sa chéad áit, in aithris 9 le Treoir 2005/29, luaitear go soiléir go bhfuil feidhm ag an Treoir sin gan dochar ní hamháin do na rialacha náisiúnta a bhaineann le dlí na gconarthaí, ach freisin do chaingne aonair arna dtabhairt acu siúd a ndearnadh díobháil dóibh de dheasca cleachtas tráchtála éagórach.
- 79 Sa dara háit, rialaigh an Chúirt nach bhforáiltear leis an Treoir sin, in Airteagal 5(1), ach go gcuirfead “toirmeasc” ar chleachtais tráchtála éagóracha, agus, dá réir sin, fágfar corrlach breithmheasa do na Ballstáit maidir le rogha na mbeart náisiúnta atá beartaithe chun na cleachtais sin a chomhrac, i gcomhréir le hAirteagail 11 agus 13 den Treoir sin, ar an gcoinníoll go bhfuil siad oiriúnach agus éifeachtach agus go bhfuil na pionóis dá bhforáiltear ar an gcaoi sin éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach (breithiúnas an 19 Meán Fómhair 2018, *Bankia*, C-109/17, EU:C:2018:735, mír 31 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 80 Shonraigh an Chúirt, cé nach bhforáiltear in Airteagal 11 den Treoir sin ach go gceanglaítear ar na Ballstáit a áirithiú gurb ann do mhodhanna leordhóthanacha éifeachtacha chun na cleachtais sin a chomhrac, is féidir fós caingean os comhair na gcúirteanna i gcoinne na gcleachtas sin, chun go gcuirfead deireadh leo, a bheith ar na modhanna sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 19 Meán Fómhair 2018, *Bankia*, C-109/17, EU:C:2018:735, mír 42).
- 81 Ar an tríú dul síos, maidir le cuspóir Threoir 2005/29, is é an cuspóir atá ag an Treoir sin ardleibhéal cosanta do thomhaltóirí a áirithiú agus, chuige sin, a áirithiú go ndéanfar cleachtais éagórach a chomhrac ar bhealach éifeachtach chun leas na dtomhaltóirí (féach, chuige sin, breithiúnas an 16 Aibreán 2015, *UPC Magyarország*, C-388/13, EU:C:2015:225, míreanna 32 agus 51).
- 82 Is léir ó léiriú litriúil, córasach agus teileolaíoch ar Airteagal 3(2) de Threoir 2005/29 nach gcuirtear cosc leis an bhforáil sin ar na Ballstáit an ceart a thabhairt do thomhaltóir a thug conradh i gcrích mar gheall ar chleachtas tráchtála éagórach chun a iarraidh go gcuirfead an conradh sin ar neamhní, ar an gcoinníoll go bhfuil beart pionóis den sórt sin éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach, de réir bhrí Airteagal 13 den Treoir sin.
- 83 Ní chuirtear an léiriú sin ó bhail leis an bhforas gur cuireadh isteach Airteagal 11a nua le Treoir 2019/2161 i dTreoir 2005/29, lena bhforáiltear, i mír 1 “beidh rochtain ag tomhaltóirí a ndearna cleachtais tráchtála éagóracha díobháil dóibh ar leigheasanna comhréireacha agus éifeachtacha, lena n-áirítear cúiteamh i leith damáiste a bhain don tomhaltóir agus, i gcás inarb ábhartha [...] foirceannadh an chonartha”, cé go sonraítear i mír 2, “[nach] dochar na leigheasanna sin do chur i bhfeidhm leigheasanna eile atá ar fáil do thomhaltóirí [...] faoin dlí náisiúnta”.
- 84 Taobh amuigh den dáta chun Treoir 2019/2161 a thrasú a bheith imithe in éag an 28 Samhain 2021, sa chaoi nach bhfuil Airteagal 11a ábhartha chun Airteagal 3(2) agus Airteagal 13 de Threoir 2005/29 a léiriú sa chás seo, ós rud é go gcuirtear isteach i dTreoir 2005/29 é, ní dhéantar ach a dheimhniú gurbh fhéidir agus gur féidir leis na Ballstáit i gcónaí foráil a dhéanamh do chineálacha eile leigheasanna i bhfabhar tomhaltóirí a ndearnadh díobháil

dóibh mar gheall ar chleachtais tráchtála éagóracha, lena n-áirítear iad siúd lena bhforáiltear do cheart an tomhaltóra chun a iarraidh go gcuirfear ar neamhní conradh a tugadh i gcrích mar gheall ar chleachtas den sórt sin.

- 85 Sa dara háit, maidir le beart pionóis, arb é an conradh a chur ar neamhní, a bheith éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach, de réir bhrí Airteagal 13 den Treoir sin, luaigh an Chúirt, ar an gcéad dul síos, gur faoi na cúirteanna náisiúnta amháin atá sé a mheas, agus na himthosca go léir a bhaineann leis na cásanna atá os a gcomhair á gcur san áireamh, an bhfuil na rialacha maidir le pionóis i ndáil le trádálaithe a bhaineann leas as cleachtas tráchtála éagóracha, a rinne na Ballstáit foráil dóibh i gcomhréir leis an gcásdlí dá dtagraítear i mír 79 den bhreithiúnas seo, i gcomhréir le riachtanais na Treorach sin agus, go háirithe, le prionsabal na comhréireachta (féach, chuige sin, breithiúnas an 16 Aibreán 2015, *IPC Magyarország*, C-388/13, EU:C:2015:225, míreanna 58 agus 59, agus, de réir analaí, breithiúnas an 5 Márta 2020, *OPR-Finance*, C-679/18, EU:C:2020:167, mír 27).
- 86 Ar an dara dul síos, mheas an Chúirt, chun treoir níos mionsonraithe a thabhairt do na cúirteanna náisiúnta agus measúnú den sórt sin á dhéanamh, go bhfuil neamhniú an chonartha, mar phionós, i gcomhréir, i bprionsabal, leis na ceanglais maidir le héifeachtacht, comhréireacht agus athchomhairle a leagtar síos le foráil cosúil le hAirteagal 13 de Threoir 2005/29 (féach, chuige sin, breithiúnas an 5 Márta 2020, *OPR-Finance*, C-679/18, EU:C:2020:167, míreanna 25, 26, 29 agus 30 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 87 Sa chomhthéacs sin, ní mór a thabhairt faoi deara freisin gur rialaigh an Chúirt, maidir leis na cleachtais tráchtála a bhaineann le tomhaltóirí a théann isteach i gconarthaí grúpa aonadnasctha, amhail é atá i gceist sna príomhimeachtaí, cé nach gceanglaítear le Treoir 2002/83 go measfar go mbeidh sé de thoradh ar an oibleagáid maidir le faisnéis réamhchonarthach dá bhforáiltear in Airteagal 36(1) a chomhlíonadh go mícheart go gcuirfear an conradh grúpa aonadnasctha nó an dearbhú maidir le dul isteach ann ar neamhní nó go mbeidh siad neamhbhailí, ceanglaítear fós ar na cúirteanna náisiúnta a mheasúnú, i bhfianaise a rithábhachtaí atá an fhaisnéis chonartha dá bhforáiltear i mír 56 den bhreithiúnas seo maidir le mian an tomhaltóra chun dul isteach iontu, an féidir go bhfágann comhlíonadh mícheart na hoibleagáide sin go gcuirfí ó bhail toiliú an tomhaltóra le bheith faoi cheangal an chonartha sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 24 Feabhra 2022, *A agus páirtithe eile (Conarthaí árachais “aonadnasctha”)*, C-143/20 agus C-213/20, EU:C:2022:118, míreanna 87 agus 126).
- 88 Sna himthosca sin, maidir le ceart an tomhaltóra chun a iarraidh go gcuirfear ar neamhní conradh arna thabhairt i gcrích mar gheall ar chleachtas tráchtála éagórach, arb é conradh grúpa caighdeánach aonadnasctha a dhréachtú nach gcuireann ar chumas an tomhaltóra nádúr agus struchtúr an táirge árachais agus na rioscaí lena mbaineann a thuiscint, dealraíonn sé gur pionós éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach é sin, de réir bhrí Airteagal 13 de Threoir 2005/29, ar faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé an méid sin a fhíorú, ar aon nós, i bhfianaise na n-imthosca ábhartha go léir sa chás.
- 89 I bhfianaise na mbreithnithe go léir thuas, ní mór a thabhairt mar fhreagra ar an tríú ceist nach mór Airteagal 3(2) de Threoir 2005/29, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 13 den Treoir sin, a léamh sa chaoi nach gcuirtear cosc leis ar léiriú ar an dlí náisiúnta lena dtugtar do thomhaltóir a thug conradh i gcrích mar gheall ar chleachtas tráchtála éagórach de chuid trádálaí an ceart chun a iarraidh go gcuirfear an conradh sin ar neamhní.

An ceathrú ceist

- 90 Ní chuirtear an ceathrú ceist ach sa chás go dtabharfar freagra dearfach ar an tríú ceist. I bhfianaise an fhreagra ar an tríú ceist, ní gá an cheist sin a fhreagairt.

Costais

- 91 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na príomhpháirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte náisiúnta, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a cuireadh faoi bhráid na Cúirte, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Naóú Dlísheomra) mar seo a leanas:

1. Maidir le Treoir 2005/29/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2005 maidir le cleachtais tráchtála éagóracha idir gnólachtaí agus tomhaltóirí sa mhargadh inmheánach agus lena leasaítear Treoir 84/450/CEE ón gComhairle, Treoir 97/7/CE, Treoir 98/27/CE agus Treoir 2002/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (“an Treoir maidir le cleachtais tráchtála éagóracha”),

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

is féidir gur “cleachtas tráchtála éagórach” de réir bhrí na forála sin, atá i gceist má dhréachtaíonn gnóthas árachais conradh grúpa caighdeánach árachais saoil aonadnasctha atá ceangailte le ciste infheistíochta nach gcuireann ar chumas an tomhaltóra a théann isteach sa chonradh grúpa sin, ar thairiscint dara gnóthas, arb é an sealbhóir polasaí é, nádúr agus struchtúr an táirge árachais a thairgtear agus na rioscaí lena mbaineann a thuiscint, agus ní mór an gnóthas árachais sin a chur faoi dhliteanas as an gcleachtas tráchtála éagórach sin.

2. Maidir le hAirteagal 3(2) de Threoir 2005/29, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 13 den Treoir sin,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

ní chuirtear cosc leis ar léiriú ar an dlí náisiúnta lena dtugtar do thomhaltóir a thug conradh i gcrích mar gheall ar chleachtas tráchtála éagórach de chuid trádálaí an ceart chun a iarraidh go gcuirfean an conradh sin ar neamhní.

Sínithe